# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Glenn MICALLEF

## Cothroime Idirghlúine, an Óige, Cultúr agus Spórt

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí agus de do thaithí phearsanta atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Is mór an onóir dom gur ormsa, i mo cháil mar Choimisinéir ainmnithe, a leag an tUachtarán toghaí von der Leyen an phunann nua sainchúraimí seo, na sainchúraimí um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt. Dar liom gur infheistíocht straitéiseach i dtodhchaí, i ndaonlathas agus i bhfolláine an Aontais atá sna sainchúraimí seo, agus gur sainchúraimí iad a chuirfidh tairbhí nithiúla ar fáil do shaoránaigh agus a chuirfidh ar chumas na saoránach sin barr a gcumais a bhaint amach.

Creidim gur maith a oireann mo chuid cáilíochtaí agus mo chuid taithí do chur chun cinn leas ginearálta na hEorpa. Spreagadh an paisean atá agam do thionscadal an Aontais den chéad uair agus mé i m'oiliúnaí i bParlaimint na hEorpa, agus uaidh sin ar aghaidh bhí poist éagsúla agam a bhain leis an Aontas - bhí mé i m'Ard-Stiúrthóir ar an Roinn um Chomhordúchán AE (2018-2020), i mo Cheann Rúnaíochta an Phríomh-Aire (2020-2024), agus i mo Sheirpeach don Phríomh-Aire agus i mo Chomhairleoir um Ghnóthaí AE (2020-2024), gan ach cuid de na poist a lua.

Sna róil a bhí agam roimhe seo – go háirithe sna poist is déanaí a bhí agam, poist a chuir ar mo chumas a bheith rannpháirteach i ngach plé a rinne an Chomh-Aireacht le 4 bliana anuas – fuair mé taithí phearsanta ar roinnt dúshlán atá le sárú anois ag na hearnálacha a bhaineann leis na sainchúraimí a sannadh orm mar Choimisinéir ainmnithe, agus is eol dom go bhfuil an iliomad áiméar ar fáil sna réimsí sin.

Bhí mé an-ghníomhach freisin in eagraíochtaí óige, spóirt agus cultúir ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí mé i m'Uachtarán ar Chomhairle Fhondúireacht Chomh-Ardeaglais Naomh Eoin agus i mo Chomhalta den Fhondúireacht chéanna, i mo Leas-Uachtarán ar chlub sacair áitiúil, i mo Leas-Uachtarán agus i mo Rúnaí Idirnáisiúnta ar Ógra Pháirtí an Lucht Oibre (Málta), i m'Uachtarán ar Aontas Sóisialach na Mac Léinn agus i mo Chomhalta den Choimisiún Rialaithe d'Aontas Idirnáisiúnta an Ógra Shóisialaigh. Creidim gur thug na heispéiris phraiticiúla sin an deis dom taithí phearsanta a fháil ar na sainchúraimí a sannadh dom, agus gur fhoghlaim mé ceachtanna luachmhara ó na heispéiris sin. Ar an gceacht is tábhachtaí díobh sin tá an t-eolas a chuir mé ar an ról ríthábhachtach atá ag oibrithe deonacha agus páirtithe leasmhara eile sna hearnálacha seo. Táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun leas a bhaint as an iliomad áiméar atá i ngach ceann de na hearnálacha a bhaineann leis na sainchúraimí seo a sannadh orm.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh áit lárnach ag rudaí áirithe san obair a dhéanfaidh mé chun cothroime idirghlúine a chur chun cinn san Eoraip, mar atá, tacú le daoine, agus ár sochaí agus ár samhail shóisialta a neartú. Chun an cúram sin a chomhlíonadh, leanfaidh mé de bheith ag obair chun leanaí agus óige na hEorpa a chumasú a thuilleadh chun a bheith ina ngníomhaithe ar son an athraithe, rud a chuirfidh ar a gcumas difear a dhéanamh ó thaobh na hinbhuanaitheachta agus na dlúthpháirtíochta idirghlúine de, agus leanfaidh mé de bheith ag obair chun

Straitéis iomlánaíoch a ullmhú maidir le Cothroime Idirghlúine, straitéis lena gcuirfear san áireamh go hiomlán tionchar chinntí an lae inniu ar na glúine atá le teacht agus an t-aiseolas a gheofar ó gach aoisghrúpa. Ar na bunspriocanna inghnóthaithe a bheidh agam, tá bunú agus cur chun feidhme Bhord na nÓg um Chomhairliú an Uachtaráin agus Idirphlé Beartais bliantúil chomhaltaí an Choláiste leis an Aos Óg, agus beidh an dá rud sin ina mbonn faisnéise don Straitéis maidir le Cothroime Idirghlúine. Táim ag tnúth le tús a chur leis an Idirphlé leis an Aos Óg le linn na chéad 100 lá de mo shainordú agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chomh-Choimisinéirí chun tacú le heagrú a gcuid idirphlé féin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé príomhshruthú na hóige trí chóras 'promhadh na hóige' a bhunú, rud a chuirfear i bhfeidhm ar raon iomlán tionscnamh ón gCoimisiún a bhfuil ábharthacht shuntasach ag baint leo ó thaobh na hóige de.

Tá ról ríthábhachtach ag an gcultúr san Aontas Eorpach. An taipéis chultúrtha shaibhir, ilghnéitheach atá againn san Eoraip, is earra poiblí é lena bhfeabhsaítear cáilíocht saoil agus meabhairshláinte ár gcuid saoránach, agus lena gcothaítear an muintearas ag an am céanna. Rannchuidíonn an cultúr lenár ngeilleagar, agus le rathúnas inbhuanaithe agus iomaíochas na hEorpa. Cuirfimid tús leis an obair seo leis an gCompás Cultúrtha - an fhís atá againn don earnáil don chéad tréimhse sainordaithe eile agus do na tréimhsí sainordaithe ina dhiaidh sin.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, comhoibreoidh mé de mheon dearfach leis an Uachtarán agus le Comhaltaí uile an Choláiste chun a áirithiú go ndéanfar na Treoirlínte Polaitiúla agus freagrachtaí comhchoiteanna an Choláiste i leith shaoránaigh an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán agus go tráthúil.

Tá an tAontas tiomanta an comhionannas inscne a chur i bhfeidhm sna beartais uile, mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, geallaim go seasfaidh mé leis an bpríomhshruthú inscne ar fud na réimsí beartais éagsúla atá faoi mo shainchúraimí. Tabharfaidh mé aghaidh ar na héagothromaíochtaí idir na hinscní, cuirfidh mé an comhionannas agus an meas frithpháirteach chun cinn, agus cuirfidh mé an comhionannas inscne chun tosaigh trí thaidhleoireacht chultúrtha idirnáisiúnta agus trí thaidhleoireacht spóirt. Cuirfidh mé Straitéis Óige an Aontais chun feidhme freisin chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh comhionannais de réir cumasc aoise agus inscne. Maidir leis na cláir atá faoi mo chúram, tá rún daingean agam a áirithiú go mbeidh gné láidir inscne agus cuimsithe shóisialta ag baint leis na hionstraimí sin i gcónaí.

Is maith is eol dom go bhfuil gá leis an leibhéal is airde neamhspleáchais i ról Comhalta de Choláiste na gCoimisinéirí, de réir Airteagal 17.3 CAE agus Airteagal 245 CFAE agus an Chóid Iompair do Choimisinéirí. Ar feadh mo ghairmréime i réimse an riaracháin phoiblí, choinnigh mé neamhspleáchas iomlán i gcónaí ar aon ról eile a bhí agam. Is é leas an phobail i gcoitinne, agus sin amháin, a bhí ina threoir agam riamh i mo chuid oibre, agus gníomhaím i gcomhréir dhocht leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta is infheidhme i gcónaí. Táim lántiomanta na caighdeáin eiticiúla neamhspleáchais, ionracais ghairmiúil agus leasa ghinearálta sin a choinneáil ar bun. Ar son leas phobal na hEorpa amháin a bheidh mé ag gníomhú; ní ghlacfaidh mé teagasc ó aon rialtas nó ó aon institiúid, comhalta, oifig nó eintiteas eile ná ní lorgóidh mé teagasc uathu, agus tabharfaidh mé urraim don chód iompair do Chomhaltaí den Choimisiún, go háirithe dá fhorálacha maidir le coinbhleachtaí leasa. Cuirim i bhfios go láidir freisin nach bhfuil aon fhoinse coinbhleachta leasa ann maidir leis na réimsí beartais a shanntar dom.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Creidim go láidir i gcumhacht an idirphlé. I ngach uile ról a bhí agam roimhe, bhí sé ina mhisean agam i gcónaí dul i dteagmháil go fóinteach le comhghleacaithe agus le comhpháirtithe ar fud an domhain chun cuspóirí comhpháirteacha a bhaint amach. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, is é an meon ar leith sin a bheidh agam agus mé i mbun teagmhála le Parlaimint na hEorpa, ó thús deireadh mo thréimhse sainordaithe.

Cuirfidh mé bealaí cumarsáide rialta struchtúrtha ar bun le Cathaoirligh, Leas-Chathaoirligh agus Comhordaitheoirí an Choiste fhreagraigh agus beidh córas agam lena áirithiú go mbeidh mé ar fáil le dul i ndáil

na gComhaltaí Onóracha sin ina gcáil mar phríomh-idirghabhálaithe. Geallaim go gcoinneoidh mé bealach cumarsáide oscailte leis an gCoiste CULT, agus go dtionólfaidh mé cruinnithe rialta leis an gCoiste. Beidh lúcháir orm freisin páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí iomlánacha sa Pharlaimint ar ábhair a bhaineann le mo chuid sainchúraimí.

Ciallaíonn sé sin freisin, ar ndóigh, go bhfuilim ag tnúth le bheith rannpháirteach ar bhonn rialta i gcruinnithe an Choiste CULT agus go mbeidh mé ar fáil chun freagairt d'aon iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa chun ábhair a bhaineann le mo chuid sainchúraimí a phlé ar an mbealach iomchuí, mar a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, 2024-2029 ón Uachtarán toghaí von der Leyen. I gcomhréir lena bhfuil leagtha amach sna Treoirlínte Polaitiúla, táim tiomanta tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid an Choiste CULT agus faoi bhráid fhoirmíocht na Comhairle maidir le hOideachas, an Óige, Cultúr agus Spórt, tuarascáil ina ndíreofar ar Chothroime Idirghlúine, an Óige, Cultúr agus Spórt. Cuirfidh mé nósanna imeachta inmheánacha tiomnaithe ar bun freisin idir mo *cabinet* agus mo chuid ranna chun a áirithiú go dtabharfar freagra tráthúil ar na rúin, na ceisteanna, agus na hachainíocha parlaiminteacha uile a mbeidh baint acu le mo shainchúraimí.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, urramóidh mé Creat-Chomhaontú 2010 idir an Pharlaimint agus an Coimisiún agus Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr i ngach teagmháil a bheidh agam le Feisirí Pharlaimint na hEorpa. Tá mé i bhfách le creat-chomhaontú 2010 a athbhreithniú agus le comhaontú 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr a athnuachan, mar a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029, agus oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Coimisinéirí freagracha.

Geallaim freisin go rachaidh mé i dteagmháil ar bhealach cuiditheach le Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú Airteagal 225 CFAE, trí bheith rannpháirteach in idirphlé struchtúrtha leis an gcoiste CULT, agus ar bhealaí eile. Tagraím anseo do ghealltanas an Uachtaráin thoghaí von der Leyen i dTreoirlínte Polaitiúla 2024-2029 freagairt do na Rúin sin le gníomh reachtach nuair a iarrtar sin, agus prionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr á n-urramú.

An chomhpháirtíocht speisialta idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a neartú, agus an trédhearcacht sa phróiseas ceaptha beartas, sin dhá rud a mbeifear ag brath go mór orthu chun beartais éifeachtacha a chur i gcrích. Rudaí iad, freisin, atá de dhíth ionas go mbeadh breis muiníne ag na saoránaigh as an tionscadal Eorpach.

Is rómhaith a aithním a thábhachtaí atá sé gur ar bhonn comhionann a bheidh teacht ar fhaisnéis ag na comhreachtóirí.

Chuirfinn i bhfios go láidir freisin nach bhfuil aon fhoinse coinbhleachta leasa ann maidir leis na réimsí beartais atá sannta dom.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas</u>

*3. Cén fhís atá agat maidir le todhchaí bheartas óige AE, ó thaobh tosaíochtaí straitéiseacha agus acmhainní buiséadacha an Aontais atá ar fáil? Go sonrach, conas a áiritheoidh tú go mbeidh feidhm éifeachtach leis an obair leantach ar Bhliain Eorpach na hÓige, cur chun feidhme 'phromhadh na hóige' agus comhordú ar Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg sa chleachtas? Thairis sin, conas a áiritheoidh tú go leanfar d'aghaidh a thabhairt ar éilimh shonracha agus ar rannpháirtíocht daoine óga sna cúig bliana amach romhainn, maidir le forbairt beartais agus próisis chinnteoireachta araon? Cad iad na gníomhaíochtaí eile a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go gcuirfear príomhshruthú na hóige agus rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach agus i straitéis a bheidh ann amach anseo maidir le Cothroime Idirghlúine i gcrích?*

Tá gealltanas soiléir tugtha ag an Uachtarán von der Leyen breis saoirse agus freagrachtaí a thabhairt do dhaoine óga laistigh dár sochaithe agus dár ndaonlathais, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán oibreoidh mé gan stad gan staonadh leis na páirtithe leasmhara uile chun an sprioc sin a bhaint amach. Is é an tosaíocht a bheadh agam rannpháirtíocht na hóige sa saol daonlathach a neartú a thuilleadh agus a áirithiú, trí chleachtais príomhshruthaithe óige ar fud an Choimisiúin, go gcomhtháthófar peirspictíochtaí na hóige sa cheapadh beartas. Táim lántiomanta a áirithiú go bhfágfaidh Bliain Eorpach na hÓige 2022 oidhreacht mharthanach fhóinteach againn agus tacóidh mé le gach Comhalta den Choláiste i dtaca leis an Idirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg a eagrú, a gcuirfear an chéad cheann acu ar siúl laistigh den chéad 100 lá. Tríd an idirphlé sin, is féidir léargais ó dhaoine óga a bhailiú agus a mheas agus beartais an Aontais á múnlú, rud a chothaíonn cur chuige níos cuimsithí agus níos freagrúla agus, ag an am céanna, a fhágann gur féidir dúinn ár gcroíluachanna a chur chun cinn.

Comhlánóidh an t-idirphlé 'promhadh na hóige', rud a chuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm ó 2025 ar aghaidh chun a áirithiú go gcuirfear tuairimí na ndaoine óga san áireamh agus na tionscnaimh bheartais is mó ábharthacht don óige á n-ullmhú. Léiríonn sé sin a thiomanta atá an Coimisiún smaointe na ndaoine óga a chur san áireamh, mar a iarradh trí Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg agus trí thionscnaimh eile faoi stiúir na hóige. Táim tiomanta oibriú ar 'phromhadh na hóige' a chur chun feidhme go rathúil. Le 'promhadh na hóige', déanfaidh an Coimisiún scagadh ar mhórthionscnaimh ábhartha a chláir oibre bhliantúil féachaint an bhfuil ábharthacht shuntasach ag baint leo do dhaoine óga agus eagróidh sé comhairliúcháin thiomnaithe leis an aos óg i gcás tionscnaimh a measfar go bhfuil ábharthacht den sórt sin ag baint leo. Chomh maith le féachaint chuige go seasfaidh ár gceapadh beartas an aimsir, rannchuideoidh an cur chuige sin freisin le cothroime idirghlúine a chur chun cinn inar gcuid beartas uile. Oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um an nGeilleagar agus Táirgiúlacht, agus um Chur Chun Feidhme agus Simpliú, maidir le húsáid iomlán a bhaint as uirlisí na Reachtóireachta níos fearr chun a áirithiú go gcuirfear 'promhadh na hóige' chun feidhme.

Deiseanna a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh i gcláir an Aontais, tá sé sin ar cheann de na bealaí is fearr chun béim a leagan ar an bpoitéinseal atá san Aontas do dhaoine óga. Cuireann Erasmus+ deiseanna fiúntacha ar fáil, trí oideachas agus oiliúint, trí chur chun cinn na gníomhaíochta coirp, chomh maith le gníomhaíochtaí foghlama seachfhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla do dhaoine óga ionas go nglacfaidís páirt níos mó sa tsochaí agus i margadh an tsaothair agus go nascfaidís lena bpiaraí ó thíortha eile. Cothaíonn sé sin forbairt na n-inniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha agus tacaíonn sé le cur chun cinn luachanna an Aontais. Táim umhal ullamh chun tacú go hiomlán leis an obair a dhéanfaidh an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun Erasmus+ a neartú, mar a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, ionas go mbeidh daoine in ann scileanna a fhorbairt agus eispéiris chomhchoiteanna agus tuiscint níos fearr ar a chéile a chruthú. Creidim go rannchuideodh sé sin freisin le rannpháirtíocht na ndaoine óga sa tionscadal Eorpach agus sa daonlathas Eorpach.

Chun ár sprioc a bhaint amach maidir le rannpháirtíocht dhaonlathach na hóige a fheabhsú, táim tiomanta tionscnaimh nua atá ann cheana agus tionscnaimh nua atá beartaithe a nascadh le chéile ionas go mbeidh siad ag treisiú a chéile. Chruthóinn sineirgí idir 'promhadh na hóige', an tIdirphlé Beartais bliantúil leis an Aos Óg a dhéanfaidh na Coimisinéirí, Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, an grúpa nua Grúpa Páirtithe Leasmhara an Aosa Óig agus Bord na nÓg um Chomhairliú an Uachtaráin, bord a gcuideoidh mé lena chur ar bun, má dheimhnítear m'ainmniúchán.

Den mheon céanna, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar gníomhaíochtaí beartais an Aontais i leith an aosa óig a fhorbairt i sineirge le Straitéis an Aontais um chearta an linbh. Cé go dtugtar aghaidh, i bprionsabal, sa dá chomhad beartais, ar aoisghrúpaí éagsúla a bhfuil cearta dlíthiúla agus riachtanais éagsúla acu, tá leanúnachas na ngníomhaíochtaí agus na mbeartas idir an dá cheann ríthábhachtach i dtaca le cuspóirí an Aontais a bhaint amach go rathúil, lena n-áirítear na cuspóirí maidir le cothroime idirghlúine.

Is sainchúram nua an chothroime idirghlúine, agus mar Choimisinéir ainmnithe ar a mbeadh an sainchúram sin, feictear dom go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le cultúr rannpháirtíochta a chothú a bheadh fíor agus marthanach, agus a mbeadh feidhm aige maidir le daoine de gach aois, lena n-áirítear seanóirí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun cumhachtú agus ionadaíocht dhaonlathach na ndaoine óga a fheabhsú, agus airím air sin feabhsú a dhéanamh i bhfianaise a gceart toghchánach mar vótálaithe céaduaire. Tá tábhacht bhunúsach dár ndaonlathais ag baint le na cearta saoránachta AE agus rannpháirtíocht dhaonlathach na saoránach a chur chun cinn.

*4. Ceann de na dúshláin is mó don daonlathas agus do thionscadal AE ann féin is ea an díomá polaitiúil, an polarú agus an easpa peirspictíochtaí agus an easpa dóchais don todhchaí i measc daoine óga. Conas a rachaidh tú i ngleic leis an díomá polaitiúil forleathan, ar toradh é ar na toghcháin Eorpacha a chonaiceamar le déanaí? Sa chomhthéacs sin, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar thionchar na meán sóisialta ar dhaoine óga agus ar a bhfolláine ghinearálta, lena n-áirítear am iomarcach scáileáin, an chibearbhulaíocht chomh maith leis an tionchar ar a dtuiscint pholaitiúil agus ar a rannpháirtíocht pholaitiúil?*

Trí infheistiú i ndaoine óga an Aontais agus sna glúine Eorpach atá le teacht, is féidir linn dúshraith láidir a choinneáil faoin Eoraip lena coinneáil aontaithe agus daonlathach, ionas go mairfidh luachanna agus prionsabail an Aontais faoi bhláth go ceann na mblianta fada. Gabhann sraith ar leith dúshlán le bheith i do dhuine óg in 2024. Is cúis imní na treochtaí agus na staitisticí is déanaí a bhaineann le díomá pholaitiúil na ndaoine óga agus, dá bhrí sin, tá géarghá le hiarracht leanúnach chomhbheartaithe chun bunchúiseanna na bhfadhbanna sin a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Is iomaí gné ar an díomá agus tá fachtóirí éagsúla á tiomáint. Ar chuid acu sin tá iarrachtaí soiléire á ndéanamh ag réimis fhorlámhacha agus ag gníomhaithe neamhdhaonlathacha deighilt shochaíoch a chruthú agus a mhéadú san Eoraip. Féachann gníomhaithe den sórt sin le mímhuinín a stócáil as institiúidí daonlathacha seanbhunaithe, agus le buntáiste a bhaint as an díomá atá ar dhaoine leis na hinstitiúidí sin, agus leis an mbonn a bhaint den phróiseas daonlathach san Aontas, rud a lagaíonn guth daonlathach na saoránach agus na sochaí sibhialta. Bíonn beartaíocht ar nós na bréagaisnéise á síoroibriú ar dhaoine óga. Tarlaíonn sé sin go háirithe sa domhan ar líne, áit a n-úsáidtear modhanna chun an polarú a fhairsingiú, rud a fhágann go mbraitheann daoine óga neamhshláine agus leochaileacht, agus a bhaineann dá muinín as an daonlathas agus as institiúidí seanbhunaithe. Ní mór dóibh a mbealach a dhéanamh trí dhomhan mear-athraitheach ina bhfuil an chibearbhulaíocht leitheadach chomh maith le dúshláin eile ar líne agus as líne.

Táim lántiomanta úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dom, lena n-áirítear beartais atá dírithe ar an óige a fhorbairt agus idirphlé a chothú, chun ár sochaithe a athaontú agus tacú le daoine óga, ar bhealach a threiseoidh lenár luachanna Eorpacha comhpháirteacha. Ní mór dúinn oibriú le chéile chun a áirithiú go mbeidh na scileanna, an t-eolas agus an mhuinín ag daoine óga a bhfuil feidhm acu leo chun bheith ina saoránaigh fhreagracha, rannpháirteacha, ghníomhacha.

Chun tacú le daoine óga agus iad ag déanamh a mbealaigh thar na dúshláin, agus chun cur le stóinseacht an chreata rialála atá againn cheana, ní mór dul i mbun comhoibre idir réimsí éagsúla beartais. Tá an chibearbhulaíocht ar cheann eile de na hábhair mhóra imní atá ag cur as dár ndaoine óga agus, má dheimhnítear m’ainmniúchán, bheadh an comhrac ar iompar mí-úsáideach ar líne ar cheann de na réimsí de mo shainchuraimí a ndíreoinn orthu agus dhéanfainn sin trí phlean gníomhaíochta a chur chun tosaigh in aghaidh na cibearbhulaíochta. Beidh sé ríthábhachtach cur chuige cuimsitheach a shaothrú lena dtabharfar aghaidh ar an bhfadhb ar shlite éagsúla, cur chuige lena dtabharfar faoi chleachtais dhíobhálacha ar líne a chosc agus lena lorgófar rannpháirtíocht earnáil an oideachais, gníomhaithe éagsúla sa tsochaí sibhialta agus comharthóirí iontaofa faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha.

Is mór na deiseanna a thugann ár sochaí dhigiteach dúinn, ach is féidir léi freisin cur as do shláinte fhisiciúil daoine, dá bhfolláine mheabhrach agus dá sábháilteacht. Ní mór dúinn go háirithe cosaint a thabhairt dár leanaí agus dár ndaoine óga óir tá siad i mbaol díobhála ó na meáin shóisialta agus ón iomarca ama scáileán. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Shláinte, agus leis an gCoimisinéir um Ullmhacht, Bainistiú Géarchéime agus um Chomhionannas agus leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, ar an bhfiosrúchán ar fud an Aontais maidir le tionchair níos leithne na meán sóisialta ar an bhfolláine.

An gá atá ann tacú le rannpháirtíocht na hóige sa phróiseas daonlathach agus dul i ngleic leis an mbrú atá ar dhaoine óga sa lá atá inniu ann, beidh sé le cur san áireamh san obair a dhéanfar maidir leis an Sciath Eorpach don Daonlathas, faoi stiúir an Choimisinéara um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta. Bíonn tionchar ag dúshláin ar dhaoine óga ar bhealaí sonracha, dúshláin ar nós na bréagaisnéise agus na hionramhála eachtraí ar fhaisnéis, mar shampla. Mar gheall ar chumas na meán sóisialta guthanna agus gluaiseachtaí a fhairsingiú, tá siad ina n-uirlis chumhachtach i dtaca le rannpháirtíocht na hóige, ach teastaíonn smaointeoireacht chriticiúil chun bealach sábháilte a dhéanamh tríothu. Beidh sé ríthábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa litearthacht dhigiteach agus sa litearthacht meán cumarsáide chun go mbeadh sé ar a gcumas ag Eorpaigh óga measúnú criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis, páirt a ghlacadh go sábháilte ar líne, agus a mbealach a dhéanamh go sábháilte trí chastachtaí na meán sóisialta agus na teicneolaíochta. Bheadh tairbhe eile le leibhéil litearthachta níos airde, is é sin go gcuirfeadh sé lena n-inniúlacht ar bheith in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol daonlathach agus páirt a ghlacadh sna próisis ceaptha beartas. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le comhghleacaithe chun gnéithe atá le leas na hóige a phríomhshruthú sna beartais sin agus chun comhairliúchán iomlán le lucht ionadaíochta na hóige a chur chun cinn.

*5. Agus aghaidh á tabhairt agat ar impleachtaí sonracha na hIntleachta Saorga, cad í an fhís atá agat chun earnálacha agus tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha na hEorpa a chosaint agus a chur chun cinn? Cad a bheidh i gceist le Compás Cultúir éifeachtach chun a chinntiú go ndéanfar an cultúr agus an oidhreacht chultúrtha a mhaoiniú go leanúnach agus go gcoinneofar iad i gcroílár cheapadh beartais na hEorpa? Ar bhonn níos nithiúla, agus brú méadaitheach ar bhuiséad an Aontais, conas a áiritheoidh tú nach laghdófar Eoraip na Cruthaitheachta, mar an t-aon chlár Eorpach atá tiomnaithe go heisiach d’earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, i mbuiséad reatha an Aontais agus go dtreiseofar í sa chéad CAI eile?*

An cultúr agus an oidhreacht chultúrtha ilghnéitheach, is iad anam ár ndóighe beatha Eorpaí iad, geilleagar acmhainní luachmhar agus ADN ár sochaí. Tá gá le cur chuige cuimsitheach chun ilchineálacht agus dinimiceas

earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chosaint agus a chur chun cinn, cur chuige lena dtabharfaí aitheantas iomlán do luach intreach an chultúir agus, ina theannta sin, don ról buntábhachtach atá aige i dtaca le cur chun cinn an chomhtháthaithe shóisialta agus na forbartha, agus dá ról ríthábhachtach mar earnáil a imríonn páirt ríthábhachtach san Aontas ó thaobh na nuálaíochta agus an iomaíochais de. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun an méadú is mó is féidir a dhéanamh ar an rannchuidiú a thugann earnáil an chultúir do gheilleagar an Aontais agus d'fholláine na saoránach.

Is as earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta beagnach 4 % de OTI an Aontais agus tá thart ar 8 milliún post sna hearnálacha sin. Chomh maith leis sin, tá ríthábhacht le hearnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, don fhorbairt áitiúil agus réigiúnach. Tá siad ina gcatalaíoch ag an athghiniúint uirbeach agus cuireann siad le tarraingteacht ár réigiún. Earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a scaoileadh amach chun iomaíochais, tá sin ina chuid lárnach dár bhfís do thodhchaí na hearnála. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, díreoidh mé ar aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin agus ar chumas nuálaíochta na hearnála a ghiaráil chun borradh a chur faoin iomaíochas agus chun a todhchaí a chosaint. Rud atá chomh tábhachtach céanna, leanfainn den obair chun tacú le FBManna cultúir agus cruthaitheachta agus cuidiú leo leanúint de bheith iomaíoch, mar shampla trí thacaíocht ghnó agus deiseanna líonraithe a chothú.

Tá earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta san Aontas ag feidhmiú i dtimpeallacht atá ag síorathrú, agus tá siad ag tabhairt aghaidh ar roinnt réaltachtaí nua. Cruthaíonn sé sin dúshláin nua do na hearnálacha sin, lena n-áirítear dúshláin a bhaineann le dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cruthaitheachta, le ganntanais scileanna, le tionchar an athraithe aeráide ar ár n-oidhreacht chultúrtha, agus le tionchar na hIntleachta Saorga. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá tacaíocht shaincheaptha de dhíth ar earnálacha agus ar thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta. Tá bearta suntasacha déanta ag an Aontas chun creat rialála stóinseach a chur ar fáil a thacódh le geilleagar agus ilghnéitheacht chultúrtha na gcruthaitheoirí, ach is gá tuilleadh a dhéanamh. Cuireann an Intleacht Shaorga deiseanna suntasacha ar fáil freisin d'earnálacha agus do thionscail chultúir agus chruthaitheachta na hEorpa, i dtaca le cur i gcoinne na gáinneála neamhdhleathaí ar earraí cultúrtha, i dtaca le feabhsú na rochtana ar chultúr agus i dtaca le caomhnú na hoidhreachta cultúrtha, gan ach roinnt de na deiseanna a lua.

Agus na rialacháin atá ann cheana ina mbunsraith agam, lena n-áirítear an Gníomh um an Intleacht Shaorga, má dheimhnítear m'ainmniúchán oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas chun straitéis Eorpach maidir leis an Intleacht Shaorga a chur ar fáil le haghaidh na n-earnálacha agus na dtionscal cultúir agus cruthaitheachta, agus é d'aidhm leis sin a áirithiú gurb éard a dhéanfaidh an Intleacht Shaorga cruthaitheacht an duine a chumasú agus a threisiú, seachas an duine a ionadú, agus a áirithiú go ndéanfaidh sí an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a choimirciú, agus sin ar bhealach a chuideoidh linn leanúint de bheith iomaíoch sa mhargadh domhanda.

I dtaca le rathúnas earnálacha agus thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, agus na FBManna cultúir agus cruthaitheachta, tá an rathúnas sin ag brath ar dhaoine a bheith ag sealbhú na scileanna a theastóidh uathu chun go leanfadh na tionscail de bheith iomaíoch. Áirítear orthu sin scileanna digiteacha, go háirithe scileanna i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha, agus scileanna fiontraíochta, lena n-áirítear eolas ar réimse na maoine intleachtúla. Sin é an fáth a n-oibreoinn i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun feabhas a chur ar na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair i gcomhpháirtíocht mhórscála an Chomhshocraithe um Scileanna in earnálacha agus i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta agus chun feasacht ar mhaoin intleachtúil, agus cosaint maoine intleachtúla, a chur chun cinn.

Chun go mbeadh cur chuige cuimsitheach ann i leith an chultúir, tá gá le comhoibriú ar fud an Choimisiúin agus le fís chomhchoiteann ó na páirtithe leasmhara uile. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, rachaidh mé ar thosach na hoibre chun Compás Cultúir nua a fhorbairt don Aontas mar chreat straitéiseach cuimsitheach lena dtreorófar gnéithe éagsúla uile an chultúir agus lena mbainfear tairbhe astu. I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, chuirfeadh an Compás Cultúir nua feabhas ar chomhleanúnachas agus ar infheicteacht ghníomhaíocht an Aontais, rud a thacódh le cultúr ilchineálach agus le hoidhreacht chultúrtha shaibhir na hEorpa, agus a rachadh chun tairbhe mhuintir na hEorpa uile. Dhíreoinn ar na sineirgí idir beartais an Aontais a mhéadú an oiread is féidir, i dtaca leis an ngné inmheánach agus leis an ngné sheachtrach araon, agus le haghaidh earnálacha agus thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta. D'fhéadfaí na naisc idir an cultúr agus an tsláinte a neartú, de réir na fianaise agus na moltaí ó CultureForHealth, réamhbheart de chuid an Aontais Eorpaigh. I réigiúin na hEorpa, tacaítear leis an gcultúr le gníomhaíochtaí spriocdhírithe, rud a bhfuil ríthábhacht leis maidir le forbairt inbhuanaithe, maidir le daoine óga a mhealladh, agus maidir le cur i gcoinne mheath an daonra. Ba mhór ab fhiú na huirlisí beartais cultúir iomadúla a ailíniú ar bhealach níos fearr, arae bheadh sin ina chuidiú le cultúr agus oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chothú agus a shaibhriú do na glúine atá le teacht. Ba cheart go gcuirfeadh an cur chuige sin leis an tábhacht,

don chultúr, a bhaineann lena lán beartais eile de chuid an Aontais; ba cheart go gcuirfeadh sé le tábhacht na forbartha réigiúnaí agus na nuálaíochta, mar shampla.

Maidir le maoiniú poiblí agus infheistíocht phoiblí, is é an chéad tosaíocht a bheidh ann ná a áirithiú go n-úsáidfear na hacmhainní atá le fáil trí NextGenerationEU agus trí chláir sa bhuiséad reatha, buiséad a léiríonn tacaíocht, ní hamháin don chlár Eoraip na Cruthaitheachta, ach don chultúr mar réimse beartais cothrománach i mbeagnach 20 ionstraim mhaoiniucháin eile de chuid an Aontais. Tá an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile le dearadh againn maille leis na hionstraimí a bheidh ina gcuid de. Ní mór tús a chur lenár machnamh le 'cad ba cheart dúinn a mhaoiniú' ionas go bhfeicfimis ansin 'conas' is fearr is féidir linn ár gcuspóirí a bhaint amach agus na torthaí is fearr is féidir a fháil ar na cuspóirí sin. Fágfaidh sé sin gur mó an tionchar a bheidh ag an maoiniú a dhéanfaimid. Is cinnte go dteastaíonn cur chuige níos straitéisí uainn i leith an chultúir, cur chuige a spreagfaidh idirghníomhaíocht dhinimiciúil idir beogacht tráchtála agus beogacht shochaíoch na dtionscal cultúir agus cruthaitheachta. Oibreoidh mé chun na bealaí is fearr a shainaithint chun é sin a bhaint amach agus chun páirt a ghlacadh in obair an Choimisiúin ina iomláine chun an pacáiste is fearr is féidir a fhorbairt i gcomhair an chéad togra eile le haghaidh an chreata airgeadais ilbhliantúil.

*6. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat éagsúlacht chultúrtha, éagsúlacht teanga agus saoirse ealaíne a chosaint, comhar cultúrtha agus rochtain phoiblí ar chultúr a fheabhsú, ról an chultúir mar mhodh don chuimsiú a chur chun cinn, suntasacht ábhair chruthaithigh Eorpaigh ar líne a áirithiú agus tacú le feabhas a chur ar staid ghairmiúil agus shóisialta ealaíontóirí agus gairmithe eile in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta? Thairis sin, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat saothair Eorpacha a chur chun cinn go hidirnáisiúnta agus an caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a fheabhsú?*

Is príomhluach í an éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus tá an príomhluach sin croílárnach san Aontas Eorpach. Ar na tionscnaimh iomadúla atá ag an Aontas chun an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint, tá bearta rialála, tacaíocht trí chláir mhaoiniucháin, agus tionscnaimh shuaitheanta amhail an Spás Sonraí Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha nó an Néal Comhoibríoch Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha. Tá an tAontas ina pháirtí ina cháilíocht féin i gCoinbhinsiún UNESCO 2005 ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé leis na tionscnaimh sin ionas go leanfar de chur chun cinn na héagsúlachta cultúrtha mar ghné lárnach de mo shainordú.

I dTreoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, óir is é an príomhbhloc tógála é maidir le rialáil AE ar na meáin, tá rialacha arb é is aidhm dóibh an éagsúlacht chultúrtha a chothú trína áirithiú go mbeidh láithreacht agus suntasacht ag ábhar cruthaitheach Eorpach ar sheirbhísí sruthaithe agus trí dhreasachtaí a thabhairt don infheistíocht in ábhar den sórt sin. Aithnítear inti freisin go bhféadfadh na Ballstáit bearta a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar tosaíocht do sheirbhísí leasa ghinearálta meán closamhairc chun iolrachas sna meán, saoirse cainte agus éagsúlacht chultúrtha a chothú. An staidéar atá ann faoi láthair ar infhionntacht an ábhair chruthaithigh Eorpaigh ar líne, cuideoidh sé dúshláin agus réitigh nuálacha a shainaithint ionas go bhféadfar a áirithiú go dtabharfar cosaint d'éagsúlacht chultúrtha agus teanga na hEorpa sa saol digiteach freisin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun an leas is fearr a bhaint as na rialacha seo, trína gcur chun feidhme go hiomlán agus trína fhiosrú cé na bearta eile breise ab fhéidir a dhéanamh.

Tá an tsaoirse léirithe ealaíonta fíor-riachtanach do shochaithe daonlathacha agus don éagsúlacht chultúrtha. An tsaoirse sin a chosaint ar chur isteach polaitiúil agus ar chinsireacht, is príomhriachtanas é sin i dtaca le spás cultúrtha coiteann Eorpach a thógáil. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, chun Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit agus an tsochaí shibhialta a dhéanamh rannpháirteach in iarracht chomhchoiteann seasamh le saoirse ealaíontóirí. Ní mór na huirlisí uile atá ar fáil a úsáid chun tacú leis an tosaíocht thábhachtach sin, agus áirítear orthu sin ár gcláir mhaoiniúcháin a shlógadh, rud a dhéantar faoi láthair i gcás an chláir Eoraip na Cruthaitheachta, lena maoinítear tionscadail comhair chultúrtha agus líonraí cultúir.

I dtaca le cosaint a thabhairt don éagsúlacht chultúrtha agus don phróiseas cruthaitheach, is cuid den chosaint sin freisin timpeallacht fhabhrach a chruthú do ghairmithe cultúir. Rud atá ag déanamh imní dom féin freisin is ea na dálaí oibre atá ag ealaíontóirí agus oibrithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Táim lántiomanta leanúint den obair a tionscnaíodh faoin gCoimisiún roimhe seo mar fhreagra ar thuarascáil reachtach féintionscnaimh de chuid Pharlaimint na hEorpa chun feabhas a chur ar staid ghairmiúil agus shóisialta ealaíontóirí agus gairmithe eile in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, comhoibreoidh mé go dlúth le Coimisinéirí na sainchúraimí ábhartha chun an scóip le haghaidh tuilleadh gníomhaíochta AE san earnáil seo a chinneadh. Oibreoidh mé i ndlúthchomhar freisin le Parlaimint na hEorpa, leis na Ballstáit, leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na páirtithe leasmhara chun an tsaincheist thábhachtach

seo a thabhairt chun cinn. Mar chéad chéim, má dheimhnítear m'ainmniúchán, d'eagróinn Cruinniú Comhchéime Ardleibhéil leis na páirtithe leasmhara ábhartha ionas go leanfaimis orainn le chéile ag leagan amach an bhealaigh chun cinn maidir leis an ábhar seo.

Tugann an cultúr agus an oidhreacht daoine le chéile agus cothaíonn siad muintearas. Mar sin féin, níl rochtain chothrom orthu ag cách, agus bíonn bacainní roimh a lán daoine mar gheall ar a stádas socheacnamaíoch, a suíomh geografach, nó mar gheall ar mhíchumas nó tosca eile. Cuireann an rannpháirtíocht chultúrtha leis an daonlathas, agus is gníomhaí agus is rannpháirtí a bhíonn saoránaigh dá barr. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa, leis na Ballstáit agus le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun go mbeidh rochtain níos fearr agus níos cuimsithí ar eispéiris chultúrtha agus ar an oidhreacht chultúrtha, go háirithe ag daoine óga.

Tráth a bhfuil dúshlán á thabhairt dár luachanna agus dár slándáil ag an méadú atá ag teacht ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil, is féidir, agus ba cheart, ról domhanda níos mó a bheith ag an gcultúr. Rud é an cultúr a chuidíonn comhpháirtíochtaí a thógáil ar théarmaí comhionanna, luachanna a chur chun cinn, agus tacú leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an bhfás inbhuanaithe. Is dualgas agus freagracht choiteann dúinn an oidhreacht chultúrtha a chosaint, go háirithe i réigiúin atá leochaileach ó thaobh na polaitíochta de, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé sin ar cheann de mo chuid tosaíochtaí. Faoi chuimsiú ár dtacaíochta foriomláine don Úcráin, tá sé thar a bheith tábhachtach dom oibriú chun oidhreacht chultúrtha shaibhir uathúil na hÚcráine a chosaint.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an Ard-Ionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála/leis an Leas-Uachtarán agus leis na Coimisinéirí freagracha eile chun cumhacht an chultúir i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais a ghiaráil. Tá an tAontas tiomanta gné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe a neartú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé le hiarrachtaí idirnáisiúnta ról an chultúir a dhaingniú i gcomhthéacs na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe tar éis 2030. Chun caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a fhorbairt agus saothair Eorpacha a chur chun cinn ar an gcoigríoch, tá gá le dlúthchomhar leis na Ballstáit, leis na hinstitiúidí cultúrtha náisiúnta agus lena líonra Eorpach, lenár líonra de Thoscaireachtaí an Aontais, agus le páirtithe leasmhara cultúrtha eile, lena n-áirítear na líonraí agus na hardáin a fhaigheann tacaíocht ón gclár Eoraip na Cruthaitheachta. Díreoidh mé freisin ar neartú acmhainneachta leanúnach, ar dheiseanna líonraithe feabhsaithe, agus ar scaipeadh dea-chleachtas i measc bhaill líonra an chláir Eoraip na Cruthaitheachta.

*7. Cén chaoi a áiritheoidh tú go neartófar an tSamhail Eorpach Spóirt bunaithe ar luachanna, ar dhlúthpháirtíocht agus ar chuimsitheacht, agus cén chaoi a chuirfidh tú an spórt chun cinn mar uirlis chun folláine fhisiciúil agus folláine mheabhrach a fheabhsú do chách, ó ghlúin go glúin agus rannchuidiú le sochaithe comhtháite ag an am céanna? Thairis sin, conas a oibreoidh tú i gcomhar le Comhaltaí eile an Choláiste agus leis na hArd-Stiúrthóireachtaí chun sineirgí láidre a chruthú idir an beartas spóirt agus an beartas oideachais agus chun taidhleoireacht spóirt na hEorpa a neartú?*

Is mó agus is mó a aithnítear le himeacht ama gur earra poiblí agus sócmhainn Eorpach luachmhar é an spórt – ó thaobh an gheilleagair, na sochaí, na polaitíochta agus an chultúir de. Cruthaíonn sé sin deis dúinn tabhairt faoi ghníomhaíocht beartais níos teanntásaí ar an leibhéal Eorpach chun cuidiú ár Samhail Eorpach Spóirt a chur chun cinn agus a chosaint.

Tugadh dúshlán na Samhla seo le déanaí ar an-chuid bealaí – tionchar phaindéim COVID-19, mar shampla, agus an t-infheistiú ollmhór ag stáit eachtracha i spórt na hEorpa, agus na saincheisteanna suntasacha rialachais, leasa agus inbhuanaitheachta airgeadais atá i dtreis sa spórt. Tá breithiúnais ardphróifíle ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh againn freisin, breithiúnais a bhféadfadh fíorthionchar a bheith acu ar an gcaoi a n-eagraítear an spórt san Eoraip.

Ar cheann de na príomhthosaíochtaí a bheidh agam má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh neartú na Samhla Eorpaí Spóirt agus an neartú sin bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, ar luachanna agus ar an iomaíochas. D'oibreoinn i ndlúthchomhar leanúnach leis na gníomhaithe ábhartha chun príomhghnéithe na Samhla a chaomhnú, lena n-áirítear uathriail agus dea-rialachas an spóirt, oscailteacht na gcomórtas, luach an fhiúntais, an dlúthpháirtíocht, an t-idirspleáchas idir an spórt scothleibhéil agus an spórt pobail, agus ról na n-oibrithe deonacha.

Ní mór dúinn leanúint den obair ar neartú na Samhla Eorpaí Spóirt. Tá roinnt dúshlán roimh an tSamhail le fada an lá, cuir i gcás tearcionadaíocht leanúnach na mban sa spórt, agus i rialachas an spóirt go háirithe, maille le fuathchaint, drochíde agus idirdhealú, nó cásanna éillithe agus dópála. Tá go leor i ngeall le spórt na hEorpa agus is é sin an fáth a bhfuil gá le straitéis nua uaillmhianach um thodhchaí na Samhla Eorpaí Spóirt. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, rachaidh mé i mbun idirphlé le Parlaimint na hEorpa, le speictream leathan na gluaiseachta spóirt,

agus leis na Ballstáit, chun a áirithiú go gcuirfear tuairimí na bpáirtithe leasmhara uile san áireamh agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin sin. Le lánurraim do neamhspleáchas na n-eagraíochtaí spóirt, d'fhéachfainn le teacht ar réitigh chomhpháirteacha agus dhéanfainn éascú ar na réitigh sin.

An infheistíocht a dhéantar sa spórt, is infheistíocht sa tsláinte phoiblí í freisin. Sa staidéar SetUp! a rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta in 2023, léiríodh go bhféadfadh tíortha an Aontais Eorpaigh 0.6 % ar an meán dá mbuiséad cúraim sláinte a shábháil agus 10 000 bás anabaí a sheachaint, ach iad dul i ngleic leis an neamhghníomhaíocht choirp sa daonra ina iomláine. De réir na meastachán, faightear EUR 1.7 de thairbhí eacnamaíocha ar ais, in aghaidh gach euro a infheistítear i gcur chun cinn na gníomhaíochta coirp. Ina theannta sin, tá luach sóisialta suntasach ar an spórt. Ní féidir a luach neamhábhartha a shéanadh i dtéarmaí tógáil phobail, cothú scileanna sóisialta nó cuimsithe. Spreagann an spórt an t-athrú sóisialta, trí phobail chomhtháite agus luachanna comhpháirteacha a neartú agus a thógáil. Tá ról ríthábhachtach aige maidir le folláine choirp agus mheabhrach a chur chun cinn idir ghlúine, maidir le stíleanna maireachtála níos sláintiúla a chothú agus lena linn sin inneach ár sochaithe a neartú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé tús áite do rannpháirtíocht gach duine sa spórt, agus mar chuid de sin tabharfaidh mé aire ar leith do dhaoine ar lú deiseanna atá acu. Bhí mé féin rannpháirteach san fheachtas #BeActive níos luaithe i mbliana, agus spreag sin uaillmhian ionam Seachtain Eorpach an Spóirt agus an feachtas #BeActive a chur chun cinn tuilleadh fós, agus lena linn sin leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gclár Erasmus+ i dtaca le tacú leis an spórt ar leibhéal an phobail. Maidir leis na tionscnaimh sin agus tuilleadh, bheadh lúcháir orm comhoibriú le Parlaimint na hEorpa chun an rannpháirtíocht sa spórt a chur chun cinn do chách.

Ba mhaith liom a fhiosrú arbh fhéidir nuashonrú a dhéanamh ar an Moladh ón gComhairle maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte agus sin ar fud earnálacha éagsúla, agus béim a chur sa nuashonrú sin ar a thábhachtaí atá sé rochtain a bheith ag cách ar spórt agus ar ghníomhaíocht choirp, gan beann ar a n-aois, a gcúlra nó a gcumas, agus ar an ról a d'fhéadfadh a bheith aige sin i gcothú na dea-mheabhairshláinte agus i gcruthú pobal comhtháite.

Táim tiomanta freisin do chur chun cinn na sineirgí idir an beartas spóirt agus an beartas oideachais. Is bealach iontach é an spórt, go háirithe do dhaoine óga, chun scileanna inaistrithe, sóisialta agus pearsanta a fhoghlaim. Is féidir leis a bheith ina chuidiú chun daoine aonair a ullmhú chun go n-éireoidh leo ina saol pearsanta agus gairmiúil. Tá páirt ghníomhach agam féin i gclub peile áitiúil, agus is léir dom ón taithí a fuair mé ansin gur féidir le leanaí agus daoine óga, tríd an spórt, foghlaim faoin tábhacht atá le cothrom na Féinne, ceannaireacht agus obair bhuíne. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na Ballstáit ionas go n-áiritheoidh siad go mbeidh rochtain ag ár ndaoine óga ar chorpoideachas agus ar dheiseanna spóirt ar ardchaighdeán a thacóidh lena bhforbairt agus lena bhfolláine fhoriomlán.

Tríd an spórt agus trí phrionsabail an mheasa agus chothrom na Féinne atá ina ndlúthchuid de, tugtar daoine in aontas le chéile thar theorainneacha agus is féidir deighiltí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha a dhúnadh. Ag an am céanna, ní féidir a shéanadh nach bhfuil gné pholaitiúil ar an spórt agus is minic a úsáidtear é mar ionstraim cumhachta boige. Chuaigh cumhacht Chluichí Oilimpeacha agus Chluichí Parailimpeacha Pháras 2024 i bhfeidhm go mór orm, arae thug siad deis don phobal blaiseadh den dóigh bheatha Eorpach agus de na luachanna comhpháirteacha atá againn i dtaca le caoinfhulaingt, comhionannas, meas agus dlúthpháirtíocht, chomh maith le cothroime agus aontacht.

Chun oidhreacht Pháras 2024 a chosaint agus chun a áirithiú go mbeidh páirt thábhachtach ag na mórimeachtaí spóirt ríthábhachtach i dteagasc luachanna dearfacha agus i gcur chun cinn na síochána, na saoirse agus chearta an duine ar an leibhéal domhanda, tabharfaidh mé mo thacaíocht d'Idirphlé Taidhleoireachta Spóirt leis an bpobal spóirt idirnáisiúnta agus Eorpach. I bhfianaise chineál trasearnála na hoibre sin, déanfaidh mé teagmháil le Comhaltaí eile den Choláiste agus le ranna eile den Choimisiún, agus leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán. Amhail a bhíonn ar pháirc na himeartha, is láidre sinn nuair a imrímid d'aon leith.

<u>Ceist ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta</u>

*8. I do litir mhisin, cuirtear de chúram ort Straitéis maidir le Cothroime Idirghlúine a ullmhú agus promhadh na hóige a chur chun feidhme. Mar sin féin, ní mór cur chuige idirghlúine a bheith iomlánaíoch agus dírithe ar gach glúin. Cad iad na gníomhaíochtaí agus na bearta a mholfaidh tú chun cuimsiú sóisialta gach glúine agus a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí agus sa gheilleagar a áirithiú? Cad iad na tionscnaimh reachtacha atá beartaithe agat maidir le cothroime na hóige agus cothroime idirghlúine agus conas a chomhoibreoidh tú leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin ainmnithe Mînzatu sa chomhthéacs sin?*

Is cúis bhróid dom gur ainmnigh an tUachtarán mé le haghaidh an róil mar an chéad Choimisinéir um chothroime idirghlúine riamh. Táim tiomanta do chur chuige beartais lena dtabharfar aghaidh go cuimsitheach ar riachtanais agus ar mhianta na nglún uile, lena mbainfear leas as an am atá caite agus lena n-ullmhófar don todhchaí. Ní mór dúinn díriú ar riachtanais agus dúshláin na nglún éagsúil a chothromú, rud atá ríthábhachtach i dtaca leis an gcomhtháthú sochaíoch agus le leas gach aoisghrúpa. Bhí conclúid spéisiúil le baint as suirbhé Eorabharaiméadair in 2022: i dtíortha ar lú neamh-chomhionannas bainteach le haois atá iontu, bíonn claonadh ar shaoránaigh leibhéil níos airde sástachta saoil a chur in iúl. Dá bhrí sin, is fachtóir cinntitheach é i dtaca lenár bhfolláine shochaíoch.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé le príomhshruthú úsáid na fadbhreathnaitheachta straitéisí ar fud an Choimisiúin mar bhealach chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartas agus faoi phleanáil straitéiseach, chun a chur ar chumas an Aontais a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus ár n-ullmhacht a neartú chun gur fearr a bheimid in ann aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus leas a bhaint as deiseanna a thiocfadh chun cinn amach anseo do na glúine atá le teacht. Áirítear leis sin cothroime idirghlúine, rud ar cuireadh de chúram orm straitéis a ullmhú lena aghaidh ina leagfar amach conas is féidir linn an chumarsáid idir na glúine a neartú agus a áirithiú go n-urramaítear leasanna na glúine seo agus na nglún atá le teacht i ngach gné den cheapadh beartas agus de dhéanamh an dlí. Ar na tosaíochtaí a bheadh agam, bheadh cur chun cinn na foghlama idirghlúine, cur chun cinn na cothroime idirghlúine idir an lucht saothair, agus tacaíocht don chúram pobalbhunaithe nó don mhaireachtáil idirghlúine, an dlúthpháirtíocht a neartú agus an caipiteal daonna a choinneáil, agus dúshláin dhéimeagrafacha a mhaolú ag an am céanna.

Cumhdaítear an dlúthpháirtíocht idir na glúine sna Conarthaí agus is rud bunúsach é rannpháirtíocht iomlán gach glúine sa tsochaí, sa daonlathas agus sa gheilleagar. Ar na réimsí beartais a ndéantar difear dóibh, tá an t-oideachas agus an óige, an beartas aeráide, an tsláinte agus an fholláine, an comhionannas, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, an beartas fioscach, agus tithíocht, slándáil agus cosaint, chomh maith le réimsí eile. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé gné na cothroime idirghlúine chun cinn mar dhlúthchuid de na réimsí sonracha a mbeadh mé freagrach astu. Beidh 'promhadh na hóige' ina chuidiú chun féachaint chuige go mbeidh toradh an cheaptha beartas slán i bhfad na haimsire agus tacóidh sé leis an gcothroime idirghlúine.

Creidim, agus iarracht á déanamh cothroime idirghlúine a chur chun cinn, gurb é an rud ar cheart tús áite a thabhairt dó ná tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit agus iad i gceann athchóirithe a imreoidh tionchar ar dhaoine i ngach aoisghrúpa: éascaíocht a dhéanamh d'fhad a chur leis an saol sláintiúil agus leis an saol oibre, aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa rochtain ar chosaint shóisialta atá ag daoine atá i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta agus ag daoine féinfhostaithe, dul i ngleic le bearnaí inscne ag i ngach aoisghrúpa, agus scileanna agus rannpháirtíocht daoine óga agus daoine scothaosta i margadh an tsaothair a fheabhsú. Ina theannta sin, ní mór dúinn tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun an bhochtaineacht a chomhrac, i gcás daoine de gach aois, agus chun rochtain inacmhainne ar earraí agus ar sheirbhísí a éascú, lena n-áirítear an rochtain ar fhuinneamh agus iompar, chomh maith le rochtain ar thithíocht inacmhainne.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, bainfidh mé úsáid as fadbhreathnaitheacht straitéiseach chun tacú le hobair forbartha beartais ar fud an Choláiste, agus áirím leis sin oibriú leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine, Scileanna agus Ullmhacht. Tugann tréimhse sainordaithe 5 bliana deis chumhachtach don Choimisiún ár bhfeasacht a fhorbairt agus tuiscint níos doimhne a fháil ar dhomhan an lae amárach, chun go mbeimid níos ullmhaithe agus chun gur mhó inbhuanaitheacht a bheadh inár gcuid beartas. Neartaíonn sé sin ar dhóigh dhíreach le cothroime idirghlúine, rud atá ina chuid den chúram foriomlán atá orainn sochaí rathúil, ilchineálach, chothrom a thógáil.

<u>Ceist ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla</u>

*9. Príomhcholúin Straitéise um Chearta an Linbh - ceartas atá fabhrach do leanaí i réimsí an dlí shibhialta agus teaghlaigh, agus reachtóireacht níos fearr*

*Mar a chumhdaítear i do litir mhisin, beidh tú freagrach as Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh 2021 a chur chun feidhme sa téarma reachtach reatha. Dhá cheann de phríomhcholúin Straitéis an Aontais is ea ceartas a thacaíonn le leanaí agus rannpháirtíocht leanaí sa saol polaitiúil agus sa saol daonlathach, agus tá Coiste JURI freagrach, i measc nithe eile, as an dlí sibhialta agus teaghlaigh, agus as reachtóireacht níos fearr agus measúnú tionchair ar reachtaíocht an Aontais a dhéanamh. An bhféadfá a mhíniú conas a chomhoibreoidh tú go praiticiúil leis na Coimisinéirí atá freagrach as comhaid atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo sna réimsí sin agus an dtacóidh tú le hArdán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí a bheith ann chun fónamh mar uirlis chomhairliúcháin do na tograí atá le teacht a bhfuil tionchar acu ar shaol agus ar fholláine na glúine is óige san Aontas?*

Straitéis an Aontais um chearta an linbh, sin í an compás a úsáidimid chun cearta leanaí a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an Aontais Eorpaigh. Ar cheann de réimsí téamacha na Straitéise tá ceartas lena dtacaítear le leanaí, agus leanfaimid lenár n-iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh an taithí is fearr is féidir ag na leanaí a mbeidh teagmháil acu leis an gcóras ceartais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i gcomhar le Comhaltaí freagracha an Choláiste chun a áirithiú go ndéanfar *acquis* an Aontais a chur chun feidhme ar bhonn praiticiúil sa dlí sibhialta, coiriúil agus riaracháin (i nósanna imeachta imirce, mar shampla) ionas go mbeidh coimirce ag leanaí in imeachtaí breithiúnacha.

I réimse an dlí shibhialta agus an dlí teaghlaigh, agus go háirithe i gcomhthéacs ceartais lena dtacaítear le leanaí, is é an príomhchuspóir a bheadh agam cóir chomhionann a áirithiú do gach leanbh i gcomhthéacsanna ina mbeadh gné thrasteorann, agus leas an linbh ina fhoras ag gach gníomhaíocht. Feicim go ndírítear ar dhlús a chur leis an bhfaireachán ar chur i bhfeidhm ceart na n-ionstraimí dlí teaghlaigh atá ann cheana, cuir i gcás Rialachán na Bruiséile IIb ag na Ballstáit, agus feicim go ndírítear ar éascaíocht a dhéanamh do ghlacadh an Rialacháin maidir le haitheantas do thuismíocht. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, rachaidh mé i mbun comhobair dhlúth leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, an Coimisinéir atá freagrach as ábhair dlí shibhialta agus dlí teaghlaigh, chun obair leantach a dhéanamh ar na tosaíochtaí sin.

I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, táim tiomanta a chinntiú gur féidir le leanaí agus daoine óga a nguth féin a úsáid chun tionchar a imirt ar mhúnlú na todhchaí. Ar cheann eile de réimsí téamacha Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh, tá an rannpháirtíocht i saol na polaitíochta agus an daonlathais. Bealach nuálach is ea Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí chun rannpháirtíocht leanaí a chur chun cinn ar gach leibhéal – ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil – agus cuireann sé spás sábháilte ar fáil le haghaidh idirphlé fóinteach le saoránaigh óga an Aontais, rud a dhéanann rannpháirteach iad i gcinntí a dhéantar ar leibhéal an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé gur trí shineirge a fhorbrófar na gníomhaíochtaí maidir le rannpháirtíocht leanaí agus na hóige, agus áirítear leis sin sineirge le tionscnaimh níos leithne, cuir i gcás an Sciath don Daonlathas.

<u>Ceist ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile</u>

*10. Díríonn do mhisean ar straitéis an Aontais um chearta an linbh 2021 a chur i bhfeidhm chomh maith le tionscnaimh a ghlacadh lena n-áirithítear gur féidir le daoine óga cuidiú le todhchaí an Aontais a mhúnlú. Cad iad na céimeanna sonracha a ghlacfaidh tú chun rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa phróiseas cinnteoireachta a neartú agus, thar aon ní eile, chun é a chomhchuibhiú ar fud an Aontais? An bhfuil tú ag smaoineamh ar shásra leantach maidir le próisis rannpháirtíochta do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áiritheofaí go mbeadh fiúntas le próisis chomhairliúcháin do leanaí agus don aos óg? An bhféadfá tuilleadh eolais a thabhairt faoin gcoincheap 'promhadh na hóige' agus faoi struchtúr an 'Idirphlé Beartais leis an Aos Óg'? Cé hiad na gníomhaithe a bheidh rannpháirteach ann? Cé na réimsí/ábhair a ndíreoidh tú orthu? Is cosúil nach bhfuil tagairtí i do mhisean do thionscnaimh maidir le leanaí sa ré dhigiteach. An bhfuil tú ag smaoineamh ar thionscnaimh nithiúla a dhéanamh maidir leis an tsaincheist sin?*
*Mar shampla, cén straitéis atá agat chun cibearbhulaíocht a laghdú, agus an gcreideann tú gur uirlisí éifeachtacha iad feachtais faisnéise, an t-oideachas agus an litearthacht sna meáin chun dul i ngleic le ham iomarcach scáileáin agus le héifeachtaí diúltacha na meán sóisialta do dhaoine óga? Cad iad na torthaí is fearr a d'fhéadfadh teacht ó fhiosrúchán AE maidir le tionchar na meán sóisialta i gcomhthéacs níos leithne, agus an bhfuil tú ag dréim le haon torthaí éagsúla i gcomparáid le staidéir a rinneadh roimhe seo? Ina theannta sin, cad iad na bearta atá tú sásta a dhéanamh chun cosaint leanaí ar íospartaigh cibearbhulaíochta iad a áirithiú i gcomhthéacs chur chun feidhme Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh?*

Feidhmíonn Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh mar scáthbhrat faoinar féidir gníomhaíochtaí a oiriúnú chun dul i ngleic le dúshláin atá ag teacht chun cinn, mar a shainaithnítear sna Treoirlínte Polaitiúla agus sa litir mhisin a cuireadh chugam. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le Comhaltaí eile den Choláiste chun a áirithiú, i sineirge leis na beartais ábhartha uile de chuid an Aontais, go dtabharfaidh an reachtaíocht agus na cláir mhaoiniúcháin aghaidh ar riachtanais phráinneacha leanaí. Tá sé de cheart ag leanaí páirt a ghlacadh i saol na polaitíochta agus an daonlathais. Tá sé sin ar cheann de na príomhréimsí a chumhdaítear le Straitéis an Aontais. Leanaí a thuigeann tábhacht na saoránachta gníomhaí, beidh siad ina saoránaigh óga ghníomhacha nuair a thiocfaidh siad i méadaíocht. Mar a mhínigh mé i mo fhreagra ar an naoú ceist, tá Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí ar cheann de na príomhionstraimí lena leanfar de ról a thabhairt do leanaí i gcinntí a dhéanfar ar leibhéal an Aontais, agus táthar ag cur na hoibre sin chun cinn i gcomhar le Parlaimint na hEorpa. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé ar intinn agam a áirithiú go gcothóidh an t-ardán rannpháirtíocht na saoránach is óige chun cabhrú le múnlú a dtodhchaí, agus go mbeidh obair an ardáin sin ina cuid de chontanam

gníomhaíochtaí i dtaca le rannpháirtíocht na hóige. Ós rud é go bhfuil an Coimisiún ag tabhairt rannpháirtíochta do níos mó agus níos mó leanaí i ngníomhaíochtaí an Choimisiúin, creidim go bhfuil sé ríthábhachtach creataí cosanta leanaí a chur i bhfeidhm sna gníomhaíochtaí sin agus d'oibreoinn chun é sin a chur chun cinn.

Beidh 'promhadh na hóige' ar cheann de na príomhionstraimí lena leanfar den obair chun óige na hEorpa a chumasú a thuilleadh mar ghníomhaithe ar son an athraithe. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé, trí 'phromhadh na hóige' a chur chun feidhme, go gcuirfear tuairimí na ndaoine óga san áireamh ar bhonn córasach ar fud raon iomlán na réimsí beartais. Mar a mhínigh mé freisin i mo fhreagra ar an tríú ceist, déanfaidh an Coimisiún, le 'promhadh na hóige', na tionscnaimh uile faoin gclár oibre bliantúil a scagadh féachaint an bhfuil siad ábhartha ar bhealach suntasach do dhaoine óga agus eagróidh sé comhairliúcháin thiomnaithe leis an óige i gcás na dtionscnamh sin a measfar iad a bheith ábhartha ar bhealach suntasach.

Teastaíonn cur chuige coiteann uainn i roinnt réimsí beartais chun aghaidh a thabhairt ar ábhair atá ag déanamh imní don aos óg, cuir i gcás an mheabhairshláinte agus an fholláine, tithíocht, tionchar an athraithe aeráide, forbairt scileanna, agus na meáin shóisialta, chomh maith le nithe eile. Chun a áirithiú go mbeidh an deis ag daoine óga ó chúlraí éagsúla a dtuairimí a chur in iúl, a gcuid smaointe a chur in iúl, agus páirt a ghlacadh i bplé cuiditheach, tacóidh mé le heagrú an Idirphlé Beartais bhliantúil leis an Aos Óg, a bhfuil an chéad bhabhta de le bheith ann sa chéad 100 lá de thréimhse an tsainordaithe. Chuideoinn freisin Bord na nÓg um Chomhairliú an Uachtaráin a bhunú, bord a thabharfaidh comhairle maidir le saincheisteanna is tábhachtach le daoine óga agus a bheidh ina bhonn braite i dtaca le smaointe a d'fhorbair an Coimisiún.

Mar a cuireadh i bhfios go láidir sna Treoirlínte Polaitiúla, is éigean meabhairshláinte ár leanaí agus ár ndaoine óga a chosaint, go háirithe ar líne, agus dearctar air sin mar cheann de na dúshláin is mó de dhúshláin na deacáide seo. Níl aon spás ann don fhoréigean, don fhuath, don drochíde ná don bhulaíocht, bíodh sin ar líne nó as líne, agus ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua ó dhomhain fhíorúla, ón intleacht shaorga agus ón rónochtadh digiteach. Ní mór é sin a bheith i gcroílár na hoibre a dhéanfaimid maidir leis an gcibearbhulaíocht, in éineacht leis na Ballstáit. Ar thús na hoibre sin tá an cosc agus an t-ardú feasachta, an comhrac in aghaidh an idirdhealaithe, an comhrac ina aghaidh iompar drochídeach agus iompar gangaideach, an comhrac ar an radacú agus ar an bhfuathchaint ar líne, chun a chinntiú go mbeidh leanaí in ann bisiú agus rathú i dtimpeallacht a bheidh níos sábháilte agus folláin, ar scoil, lena gcairde, agus sa bhaile. Ar an dara dul síos, ba chóir go mbeadh a fhios ag leanaí conas bulaíocht a thuairisciú agus conas tacaíocht thapa agus chuimsitheach a fháil nuair a dhéanfaidh siad amhlaidh. Ar an tríú dul síos, tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh údaráis inniúla na mBallstát beart in aghaidh lucht an mhí-iompair chun deireadh a chur le hiompar drochídeach agus iompar gangaideach.

Tá baint mhór ag an ngné dhigiteach le cosaint chearta an linbh. Tá sé d'aidhm ag an nGníomh um an Intleacht Shaorga cothromaíocht a bhaint amach idir an nuálaíocht agus cosaint na gceart bunúsach, lena n-áirítear cearta an linbh. Áiritheofar leis an tionscnamh maidir le domhain fhíorúla go léireoidh meiteachruinní luachanna agus cearta bunúsacha an Aontais, lena n-áirítear cearta an linbh. Ar cheann de na príomhthionscnaimh eile a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar chosaint leanaí ar líne, beidh an Gníomh um Chothroime Dhigiteach, gníomh a bhfuil sé de chúram ar an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta é a fhorbairt. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis an obair a dhéanfar air sin.

Leis an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, treoir a glacadh i mí na Bealtaine 2024, ceanglaítear den chéad uair coiriúlú a dhéanamh sna Ballstáit ar chineálacha áirithe cibearfhoréigin in aghaidh ban agus cailíní. Íomhánna dlúthphearsanta a chomhroinnt gan toiliú, agus cibirchiapadh, áirítear iad sin faoi na coireanna nua; coireanna iad atá go mór i dtreis i saol na hóige sa lá atá inniu ann. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um Chomhionannas, san obair chun na rialacha nua a chur chun feidhme, agus lena linn sin tabharfaidh mé aird ar leith ar mhodhanna tuairiscithe teagmhas lena dtacaítear le leanaí agus ar bhearta tacaíochta do theaghlaigh agus do scoileanna. Chomh maith leis sin, chomhoibreoinn leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce agus é ag treorú na hoibre chun cosaint níos fearr a thabhairt do leanaí ar mhí-úsáid ghnéasach ar líne agus as líne, agus leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun a áirithiú go mbeidh córais cheartais againn atá curtha in oiriúint don leanbh, bíodh an leanbh sin ina íospartach nó ina dhéantóir ciona.

Tugtar gealltanas sna Treoirlínte Polaitiúla go gcuirfear fiosrúchán ar bun maidir leis an tionchar níos leithne a imríonn na meáin shóisialta, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán, rannchuideoinn leis an bhfiosrú sin agus chuirfinn béim ar leith ar thionchar na meán sóisialta agus an ama scáileáin iomarcaigh ar dhaoine óga. Cuideoidh sé sin linn faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn, agus comparáid a dhéanamh leis na measúnuithe a rinneadh roimhe seo, agus na dúshláin atá fós ann a mhapáil, cuir i gcás dúshláin maidir le cleachtais ghnó ag cuideachtaí ar cleachtais iad atá dírithe ar andúil a spreagadh nó cleachtais atá díobhálach nó ionsaitheach, agus maidir le

stádas sláinte na ndaoine óga, agus bheith á dhéanamh sin de réir mar a éireoimid níos eolaí agus níos athléimní i dtaca leis an gcaoi a ndéileálaimid leis an réimse digiteach. Mar a leagtar amach sa litir mhisin a díríodh chuig an gCoimisinéir a bheidh freagrach as Sláinte, ba cheart an fiosrúchán a bheith ina chuid dhíospóireacht fhianaise-bhunaithe. Creidim go daingean go bhfuil plean cuimsitheach de dhíth orainn chun folláine meabhrach agus mhothúchánach na ndaoine óga a chosaint, plean ina n-áiritheofaí gníomhaíochtaí a dhéanfadh lucht ceaptha beartas, rialtais, scoileanna, teaghlaigh agus daoine eile, agus iad ag obair as lámh a chéile chun na rioscaí ar líne a mhaolú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, treoróidh mé an obair ar an bplean gníomhaíochta in aghaidh na cibearbhulaíochta, agus mé, lena linn sin, ag cur leis an gcuid dhigiteach de Straitéis an Aontais um chearta an linbh. Chun réitigh éifeachtacha a fhorbairt, bhainfinn leas as Straitéis an Choimisiúin le haghaidh Idirlíon Níos Fearr do Leanaí (BIK+), agus mar chuid de sin bhainfinn feidhm ghiarála as taithí agus saineolas fairsing líonra na nIonad d'Idirlíon Níos Sábháilte, rud a ndéanann an tAontas cómhaoiniú air. Imríonn na hionaid sin ról ríthábhachtach sa chomhrac in aghaidh na cibearbhulaíochta, trí fheachtais feasachta, trí acmhainní agus uirlisí a chur ar fáil do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus d'oideachasóirí, agus trí úsáideoirí óga agus a dteaghlaigh a spreagadh chun teagmhais a thuairisciú agus tacaíocht a lorg. Mholfainn do na Ballstáit comharthóirí iontaofa a cheapadh faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, comharthóirí a bhfuil saineolas cruthaithe acu maidir le mionaoisigh a chosaint, lena n-áirítear iad a chosaint ar chibearbhulaíocht. Feictear dom freisin gur gá machnamh a dhéanamh féachaint arbh fhiú dúinn creat comhchoiteann AE a bheith againn maidir le cur in aghaidh na cibearbhulaíochta agus arbh fhiú dúinn sainmhíniú comhaontaithe ar an iompar sin a fhorbairt.

Ós rud é go bhfuil an comhrac in aghaidh na cibearbhulaíochta ag brath ar chur chuige uile-shochaí, bheadh páirt mhór sa phlean gníomhaíochta ag an obair a bheadh á déanamh faoi phunanna eile, ionas go gcuimseofaí ann saincheist an oideachais, mar shampla, agus an tsochaí dhigiteach, an comhrac in aghaidh na fuathchainte, an tslándáil, gnéithe comhionannais agus sláinte, chomh maith le saincheisteanna eile.